Chuir coiste comhairle reachtúil de chuid an NDA ar mheabhairshláinte ionchur agus treoir saineolaithe ar fáil, go háirithe eolas a chur ar fáil do pháipéar comhairle polasaí an NDA maidir le ceannteidil an Bhillle ar Inniúlacht Meabhrach agus comhairle ón NDA maidir le straitéis tithíochta a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas.

Tosaíocht

Straitéiseach 2

Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais

I rith 2009 lean NDA le monatóireacht agus athbhreithniú ar fheidhmiú Straitéis Náisiúnta Míchumais an Rialtais, lena n-áirítear Cuid V den Acht um Míchumas a chomhlíonadh.

Rannpháirtíocht i socruithe monatóireachta

Tá ionadaíocht ag NDA ar na coistí a bunaíodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sna sé roinn Rialtais atá freagrach as pleananna earnálacha faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Tá ionadaíocht freisin ag NDA ar Ghrúpa Monatóireachta Geallshealbhóirí na Straitéise Náisiúnta Míchumais, faoi chathaoirleacht Roinn an Taoisigh agus a bhuaileann le chéile dhá uair sa bhliain chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn phríomheilimintí straitéise agus tras-earnálacha. Chuir an NDA páipéir chomhairle ar fáil roimh na cruinnithe sin. I measc na gceisteanna a ardaíodh sa chomhairle sin, bhí:

- conas a leantar le feidhmiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn sa chúlú eacnamaíochta atá ann faoi láthair agus leis na srianta atá ar airgeadais phoiblí
- na deiseanna chun machnamh a dhéanamh conas a mhúnlaítear polasaithe agus seirbhísí, na deiseanna atá le tabhairt faoi deara ó mhúnlaí nuálacha agus na deiseanna chun acmhainní teoranta a úsáid níos éifeachtúla
- na deiseanna chun polasaithe a fhorbairt, córais a athchóiriú agus pleananna a chur i bhfeidhm thar na chéad trí bliana eile chun go mbeadh sochaí na hÉireann in ann leas a bhaint as an bhfeabhas ar chúrsaí eacnamaíochta nuair a thiocfaidh sé
- an tábhacht a bhaineann le hoiliúint dhóthanach agus áiteanna oideachais a chur ar fáil do na daoine faoi mhíchumas a fhágann an scoil

An Grúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais

Tá an NDA ag leanúint ag cur rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais, ar grúpáil neamhspleách iad as an earnáil dheonach agus phobail agus áirítear ar an ngrúpáil sin:

- Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Cuimsiú Éireann
- Cónaidhm Meabhairshláinte na hÉireann
- Cónaidhm Náisiúnta na nEagraíochtaí Deonacha
- Comhlachas Gnó Gan Beann ar Bhrabús
- Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn Teoranta

Grúpa Monatóireachta Vision for Change

Ceapadh Stiúrtóir NDA ar an nGrúpa Monatóireachta Neamhspleách ar **Vision for Change**, Straitéis Meabhairshláinte an Rialtais. Tá naisc thábhachtacha idir an Straitéis seo agus an Straitéis Náisiúnta Míchumais, mar shampla ó thaobh aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht agus ar riachtanais tithíochta daoine a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu.

Táscairí Straitéise Náisiúnta Míchumais

Le linn 2009, thosaigh NDA ag bailiú sonraí do shraith táscairí chun tacú le tomhas a dhéanamh ar fheidhmiú agus ar fhorbairt na Straitéise Náisiúnta Míchumais maidir leis an tionchar ar dhaoine faoi mhíchumas. Tá sonraí á dtiomsú ó roinnt foinsí, lena n-áirítear ón Daonáireamh, ón Suirbhé Náisiúnta Míchumais, ó na bunachair shonraí náisiúnta míchumais arna mbainistiú ag Bord Taighde Sláinte agus ó ranna rialtais éagsúla. Coimisiúnaíodh suirbhé i rith na bliana a bunaíodh ar dhaonra daoine faoi mhíchumas chun sonraí a bhailiú faoi na constaicí ar rannpháirtíocht, lena n-áirítear rochtaine an chomhshaoil sheachtraigh, sonraí nach raibh fáil orthu sna foinsí atá ann cheana. Seolfar an tsraith táscairí i 2010 agus déanfar monatóireacht uirthi ar bhonn leanúnach.

Foilsiú na Straitéise Náisiúnta Míchumais

Coimisiúnaigh an ÚNM foilsíochán a chur le chéile chun cur síos a dhéanamh ar na forbairtí tábhachtaí i leith míchumais ó na 1990aidí, go h-áirithe chun cur síos a dhéanamh ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais mar cás-staidéir tábhachtach ina leith sin. Tá sé mar aidhm an staidéar seo a fhoilsiú i 2010.

Daoine faoi mhíchumas á bhfostú sa tseirbhís poiblí

Ceann de ról reachtúla an NDA ná monatóireacht a dhéanamh ar Chuid 5 den Acht um Míchumas 2005, a dhéileálann le fostaíocht daoine faoi mhíchumas sa tseirbhís poiblí. Faoi théarmaí an Achta tá ceangal ar chomhlachtaí poiblí fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn sa tseirbhís poiblí agus tacú léi, agus an sprioc ann gur daoine faoi mhíchumas a bheadh in 3% den fhórsa saothair. Foilsíodh tuarascáil NDA chuig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar chomhlíonadh i 2008 ag deireadh na bliana 2009 agus thug sé sin samplaí de dhea-chleachtais chun suntais. Léirigh an tuarascáil nasc láidir idir bearta gnímh dearfacha, ar nós polasaí míchumais nó Cód Cleachtais chun tacú le daoine faoi mhíchumas a fhostú, agus an sprioc 3% a bhaint amach.

Don chéad uair ó bunaíodh an sprioc 3% ar bhonn reachtúil, bhain gach ceann de na 15 Ranna Rialtais an sprioc amach nó sháraigh siad í, ardú ó 13 i 2007. Tríd is tríd, bhain 55% de chomhlachtaí poiblí an sprioc 3% amach nó sháraigh siad í, ardú ó 51% i 2007.

D'ardaigh céatadán foirne faoi mhíchumas ar fud na hearnála poiblí ina hiomláine ó 2.5% i 2007 go dtí 2.7% i 2008. Sna Ranna Rialtais tharla ardú ó 3.8% go 3.9% cé go raibh laghdú beag i gcás na n-údarás áitiúil, ó 3.6% go 3.5%.

Is é 6,083 líon na bhfostaithe sa tseirbhís poiblí a dhearbhaigh míchumas i 2008 as 229,000 fostaí ar an iomlán sna comhlachtaí poiblí a tuairiscíodh faoin Acht. Ba hiad na figiúirí inchoimparáide don bhliain 2007 ná 5,879 as fostaíocht iomlán de 239,000.

Rinne an NDA óstáil ar sheimineár dea-chleachtais do chomhlachtaí poiblí i mí Aibreáin. Ar na hábhair a clúdaíodh bhí meabhairshláinte; cóiríocht réasúnach; coinneáil tar éis míchumas a fháil; agus míchumas a nochtadh.

Tuarascáil ar mhíchumas a nochtadh san ionad oibre

Chun NDA a chur ar an eolas chun a gcuid oibre ó thaobh fhostaíocht daoine faoi mhíchumas san ionad oibre a chur chun cinn, coimisiúnaíodh athbhreithniú ar shaothar agus ar chleachtas chun constaicí ar mhíchumas a nochtadh san ionad oibre a scrúdú. Áiríodh grúpaí fócais agus agallaimh aonair le fostaíthe seirbhíse poiblí ar an taighde a rinneadh. Tá an tuarascáil

dar teideal **Míchumas a Nochtadh san Ionad Oibre - Athbhreithniú ar shaothar agus ar chleachtas in Earnáil Phoiblí na hÉireann** ar fáil ar shuíomh gréasáin an NDA (www.nda.ie). Rinneadh iniúchadh sa taighde ar chúiseanna a bhféadfadh an líon foirne faoi mhíchumas a tuairiscíodh a bheith níos lú ná an fhíorúimhir, rud a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith aici ar an bpróiseas monatóireachta. Rinneadh roinnt cur i láthair ar thorthaí na Tuarascála lena n-áirítear cur i láthair chuig rannpháirtithe ag seimineár dea-chleachtais bliantúil an NDA do chomhlachtaí poiblí ar fhostaíocht agus ag seimineár oifigeach rochtana bliantúil san Aibreán.

Neamhchomhlíonadh bliain i ndiaidh bliana

Féadann an NDA, faoi alt 49 den Acht um Míchumas 2005, gníomhartha sonracha a mholadh a thógfaidh comhlacht poiblí nach mbeadh a gcuid oibleagáidí dlíthiúla ar fhostaíocht seirbhíse poiblí á gcomhlíonadh acu dhá bhliain as a chéile. Tá oibleagáidí cáilitheacha ag dul leis na hoibleagáidí san Acht mar 'a mhéid is indéanta é' agus 'mura bhfuil cúiseanna maithe lena mhalairt'. Le linn 2009, 'd'fhorbair an tÚdarás sraith critéar chun comhlíonadh Chuid 5 a mheasúnú go foirmiúil. Cuireadh na critéir sin in iúl don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus do gach ceann de na coistí monatóireachta reachtúla.

Tosaíocht

Straitéiseach 3

Ceisteanna leantacha agus ceisteanna a thagann chun cinn a bhaineann le polasaí agus le cleachtais do dhaoine faoi mhíchumas a aithint agus comhairle a thabhairt ina leith

Faoin bpríomhthosaíocht seo, dhírigh NDA ar raon ceisteanna, lena n-áirítear:

- dul in aois agus míchumas
- drochíde do dhaoine faoi mhíchumas
- cónaí sa phobal agus cónaí neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas.
- seirbhísí toirchis agus luathmháithreachais
- reachtaíocht faoi chumas meabhrach
- ionadaíocht agus léiriú daoine faoi mhíchumas i meáin chraolta na hÉireann
- míchumas a nochtadh san ionad oibre
- treoir eiteiciúil do thaighde míchumais a fhorbairt

Agus torthaí na tosaíochta seo á seachadadh ag NDA, d'oibrigh siad i gcomhpháirtíocht le raon eagraíochtaí cuí reachtúla, cinn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ag Dul in Aois agus Míchumas

Chuir an NDA páipéar comhairle polasaí i láthair le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt Straitéise Náisiúnta do Dhul in Aois go Dearfach ón Oifig do Dhaoine Scothaosta. Thug an páipéar aghaidh ar cheisteanna a bhíonn roimh dhaoine scothaosta faoi mhíchumas, chomh maith leis na ceisteanna do dhaoine a dtagann míchumais go luath orthu agus iad ag dul in aois. Léiríodh freisin an tábhacht a bhaineann le dearadh uilíoch a úsáid, mar mhír lánpháirteach i straitéis do dhul in aois go dearfach, chun timpeallacht, táirgí, seirbhísí agus faisnéis a chruthú a d'fhéadfadh gach duine a úsáid is cuma cén aois nó cumas.

Sholáthair an NDA páipéar comhairle don Garda Síochána mar ionchur i Straitéis na nGardaí do Dhaoine Scothaosta. Bhí ionchur ag an NDA in Athbhreithniú an Fhóraitm Shóisialta agus Eacnamaíochta Náisiúnta ar Phacáistí Cúraitm Bhaile.

Chuir an NDA páipéar faoi bhráid an Fhóraitm ar Deireadh Saoil.

Drochíde do dhaoine faoi mhíchumas

I 2009, rinne NDA coimisiúnú ar thaighde a chuirfeadh eolas ar fáil do leagan amach staidéir náisiúnta maidir le taithí daoine faoi mhíchumas in Éirinn a mbeadh drochíde tugtha dóibh ag díriú ar a dtaithe ar chórais ó thaobh coisc, cosanta agus sásaimh. Is é cuspóir an tionscadail ná modheolaíocht éifeachtach a aithint do staidéar náisiúnta, bunaithe ar shamplaí cuí ón litríocht idirnáisiúnta, agus staidéar píolótach a dhéanamh.

Cónaí sa phobal

Le linn 2009, thug NDA faoi raon gníomhaíochtaí chun a chuid oibre ar chónaí sa phobal agus cónaí neamhspleách i gcás daoine faoi mhíchumas a chur ar an eolas agus a threorú.

Áiríodh mar chuid den obair sin:

Taighde

- Rinne NDA coimisiúnú ar an Ionad Tizard in Ollscoil Kent chun athbhreithniú a dhéanamh ar staidéir a bhaineann le daoine faoi

mhíchumas intleachtúil agus chun scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán tacaíochtaí cónaitheach do na daoine sin a chónaíonn in ionaid phobail scaipthe, i gcomparáid le daoine atá ina gcónaí i gcóiríocht braisle. Léiríonn an fhianaise atá ar fáil go seachadann ionaid phobail scaipthe torthaí níos fearr i gcás daoine faoi mhíchumas.

- Scrúdaigh tionscadail taighde eile seirbhísí fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas i dtíortha eile, le béim faoi leith ar sciathfhostaíocht.
- Mheas tionscadal eile tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó dhaoine le míchumais ar feadh an tsaoil le go leanfadh siad ar aghaidh ina gcónaí sa phobal de réir mar a théann siad in aois (aosú in áit), chun eolas a chur ar fáil do chomhairle an NDA ar Straitéis Náisiúnta do Dhul in Aois go Dearfach.

Cónaí sa phobal agus cónaí neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas.

Reachtáladh comhdháil bhliantúil de chuid an NDA, chun foghlaim a sholáthar i dtaobh polasaí in Éirinn, i bPáirc an Chrócaigh i mí Dheireadh Fómhair agus tugadh an teideal **Cónaí sa phobal agus cónaí neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn** uirthi.

Mheall an chomhdháil thart ar 200 toscaire agus rinne saineolaithe idirnáisiúnta ceannródaíocha cur i láthair ar thionscnaimh dea-chleachtais agus forbairt polasaí go hidirnáisiúnta chun cónaí neamhspleách agus cur chuige saoránach i leith soláthair seirbhíse do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Chomh maith leis na hollseisiúin, dhírigh ceardlanna níos lú ar réimsí ar nós tacaíochtaí iompair, samhlacha cónaithe nuálaíocha agus cláir for-rochtana pobail. Tá imeachtaí na comhdhála ar shuíomh gréasáin NDA (www.nda.ie).

Díospóireachtaí Boird Chruinn ar chónaí sa phobal

Rinne NDA óstáil ar dhíospóireacht Boird Chruinn le beirt saineolaithe as Ceanada ar nuálacha ó thaobh cónaí sa phobal in Alberta, Ceanada, chun foghlaim ó nuáil polasaí agus chun níos mó faisnéise a thabhairt do dhéantóirí polasaí agus do sholáthróirí seirbhísí. Dhírigh na díospóireachtaí ar an gclár maoinithe aonair do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil in Alberta, ceann atá ar cheann de na cláir is sine agus is mó ar domhan. Nuálaíocht eile a ndearnadh plé uirthi ná clár cúraim rathúil a d'úsáid

gníomhaíochtaí pobail príomhshrutha mar fhoinse cúraim do theaghlaigh daoine faoi mhíchumas.

Díospóireachtaí Boird Chruinn ar íocaíochtaí díreacha

Reáchtáil NDA cruinniú boird chruinn ar cheisteanna íocaíochtaí díreacha le daoine faoi mhíchumas chun tuilleadh rogha agus cumhachta a thabhairt do dhaoine ó thaobh seirbhísí a bhíonn á rochtain acu. I rith an chruinnithe seo fuarthas ionchur saineolaithe ar mhúnlaí íocaíochta dírí atá i bhfeidhm i dtíortha Eorpacha eile agus sholáthair an cruinniú deis chun foghlaim conas a d'oibrigh feidhmiú na n-íocaíochtaí díreacha i dTuaisceart Éireann. Úsáidfidh obair eile de chuid an NDA an fhaisnéis ón seimineár seo, ón saothar taighde, agus ó staidéar sé tír NDA ar chórais mhíchumais chun páipéar comhairle polasaí a chur ar an eolas.

Athbhreithniú ar sheirbhísí toirchis agus luathmháithreachais

I 2008 choimisiúnaigh an NDA Coláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath chun athbhreithniú litríochta a dhéanamh ar sheirbhísí sláinte a mhaoinítear go poiblí do mhná faoi mhíchumas le linn toirchis, breith leanaí agus luathmháithreachais. Críochnaíodh dhá thuarascáil ón tionscadal seo i 2009.

Bhreathnaigh an chéad thuarascáil ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le constaicí seirbhísí. Áirítear orthu sin, deacrachtaí i ngluaiseacht sa chomhshaol fisiciúil, easpa eolais ó thaobh na foirne de maidir lena míchumas, faisnéis nach bhfuil rochtain uirthi, cleachtais scagtha neamhdhóthanacha, agus drogall ó thaobh na mban deacrachtaí meabhairshláinte a nochtadh.

Athbhreithniú ar pholasaithe idirnáisiúnta agus náisiúnta sa réimse seo a bhí sa dara thuarascáil. Bhí suirbhé ann ar na 19 aonad máithreachais a fhaigheann maoiniú poiblí agus fuarthas amach nach raibh polasaithe, cleachtais agus imeachtaí i scríbhinn ó thaobh déileáil le soláthair seirbhísí do mhná faoi mhíchumas ach in áit amháin. Fuair an t-athbhreithniú ar pholasaithe i naoi dtír eile amach go raibh an raon is cuimsithí de pholasaithe agus de dhoiciméid treoracha ó thaobh cúram ban faoi mhíchumas le linn toirchis, breith leanaí agus luathmháithreachais sa Ríocht Aontaithe.

Clúdaíonn an tríú tuarascáil atá idir lámha (agus a fhoilseofar i 2010) taighde atá bunaithe ar agallaimh le máithreacha faoi mhíchumas faoina dtaithí agus ar ghrúpaí fócais leis an bhfoireann.

Reachtaíocht faoi chumas meabhrach

Chuir an NDA dhá pháipéar comhairle polasaí faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar an dréachtscéim den Bhille um Chumas Meabhrach a bhí foilsithe ag an Aire. Chlúdaigh an chéad cheann de na páipéir comhairle faoi raon iomlán ceisteanna sa dréachtscéim, agus bhí ionchur ó shaineolaithe ó Choiste Comhairle Meabhairshláinte an NDA ag cur eolais ar fáil dó. Dhéileáil an dara páipéar go sainiúil leis an gceist faoin gcumas toiliú le caidreamh gnéis agus leis na ceisteanna a thagann as Alt 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéis) 1993. Bhí na páipéir sin curtha ar an eolas ag dhá bhord cruinne saineolaithe a réachtáil an NDA ina raibh ranna rialtais, comhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí míchumais agus saineolaithe ón Ríocht Aontaithe ina measc sin a d'fhreastail.

D'oibrigh an NDA i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun comhdháil comhchomhairle a réachtáil ar Scéim an Bhille um Chumas Meabhrach 2008. Rinne Dermot Ahern T.D. An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an t-aitheasc oscailte agus d'éist an chomhdháil le cur i láthair ó chainteoirí ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, ó Oifig na gCoimircithe Cúirte, ó Chuimsiú Éireann agus ó Age Action Ireland. Bhí níos mó ná 150 duine ó ranna rialtais, ó chomhlachtaí reachtúla, ó na cúirteanna, ón lucht dlí, ó eagraíochtaí míchumais agus ó lucht tacaíochta ag an gcomhdháil sin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 5 Feabhra 2009. Sholáthair an chomhdháil deis struchtúrtha do dhaoine leasmhara freagairt do dhréachtscéim an Bhille.

Ionadaíocht agus Léiriú daoine faoi mhíchumas i meáin chraolta na hÉireann

Lean NDA dá chuid oibre le Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) maidir le hionadaíocht agus léiriú daoine faoi mhíchumas i meáin chraolta na hÉireann. I mí Iúil 2009 d'fhoilsigh BCI agus an NDA torthaí na dtrí thionscadal taighde a bhí coimisiúnaithe:

- **Athbhreithniú ar reachtaíocht, ar pholasaí agus ar chleachtas i ndlínsí eile**

Scrúdaigh an staidéar seo an reachtaíocht, an polasaí agus an cleachtas a rialaíonn ionadaíocht agus léiriú daoine faoi mhíchumas sna Stáit Aontaithe, i gCeanada, san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, i Málta, sa Spáinn agus sa tSualainn.

- **Suirbhé ar dhearcadh daoine maidir le léiriú daoine faoi mhíchumas i meáin chraolta na hÉireann**
Rinne Taighde Margaidh Lansdowne an suirbhé seo ar dhearcadh an phobail maidir le léiriú daoine faoi mhíchumas i gcráoltóireacht raidió agus teilifíse. Rinneadh 1,013 agallamh aonair ar fud na tíre le linn 2007.
- **Anailís ar ábhar agus ar dhioscúrsa meán craolta na hÉireann**
Bhain anailís dioscúrsa agus ábhair ar 408 uair de chlár a bhí craolta ag stáisiúin raidió agus teilifíse in Éirinn idir mí Feabhra agus mí Iúil 2007 leis an staidéar seo.

Soláthraíonn comhthorthaí na staidéar seo léargais nua ar ionadaíocht agus ar léiriú daoine faoi mhíchumas i gcráoltóireacht na hÉireann, agus soláthraíonn siad bonn do bhunú treoirlínte deonacha do na meáin chraolta.

Scéim an NDA chun Taighde a Chur Chun Cinn

I 2008 sheol an NDA Scéim chun Taighde a Chur Chun Cinn a dhírigh ar mheabhairshláinte, agus críochnaíodh dhá staidéar de na ceithre thionscadal ceadaithe i 2009:

- **Measúnú ar Riachtanais Shiciatracha agus Shiceolaíocha i Measc Imirceoirí ag Lorg Cabhrach i mBaile Átha Cliath** ar thug foireann d'Fhoireann Síciatrachta Cultúir, Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae agus Scoil na Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath agus as foireann ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath faoi. Shainaithin an staidéar difríochtaí suntasacha idir rannpháirtithe mionlaigh eitnigh agus rannpháirtithe Éireannacha maidir le fadhbanna agus tacaíochtaí atá ar fáil chomh maith le tuiscintí faoi dheacrachtaí meabhairshláinte agus cóireáil dóibh. Baineadh ceachtanna suntasacha as ó thaobh pholasaí meabhairshláinte na hÉireann agus sholáthar seirbhíse laistigh de shochoaí atá ag éirí níos ilghnéithí.
- Taighde ar **Fhardal Comthéacs Athslánaithe** a fhorbairt le húsáid i seirbhísí meabhairshláinte ar thug Eve Holdings faoi.

Eitic Taighde Míchumais

Bhunaigh an NDA Coiste Eitice Taighde Míchumais i 2007 chun an NDA féin a chur ar an eolas faoi cheisteanna eitice maidir le taighde míchumais, agus faoi athbhreithniú treoirlínte NDA 2006 ar chleachtas taighde eitice. Is é cuspóir na dTreoirlíne Eitice Taighde Míchumais ná comhairle a chur ar fáil do níos mó ná 70 coiste comhairle taighde in Éirinn. Seoladh an foilseachán treorach ag Comhdháil Taighde Bhliantúil an NDA i mí Dheireadh Fómhair. Is féidir teacht uirthi ar shuíomh gréasáin an NDA (www.nda.i).

Tosaíocht

Straitéiseach 4

Treoracha, caighdeáin agus cóid chleachtais a fhorbairt chun go mbeidh seirbhísí agus áiseanna ardchaighdeáin ann do dhaoine faoi mhíchumas

Bhí obair an NDA maidir le caighdeáin, treoir, monatóireacht agus le feabhas a aithint maidir le hinrochtaine seirbhísí poiblí ag croílár na hoibre a rinneadh faoin tosaíocht straitéiseach seo i 2009.

Oidhreachta Inrochtana

Ceanglaíonn Alt 29 den Acht um Míchumas go mbeadh rochtain ar láithreáin oidhreachta. Leanann NDA Cóid Cleachtais maidir le láithreáin inrochtana oidhreachta a fhorbairt, mar a d'iarr an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí air. Tá sé i gceist leis an gCód comhairle phraiticiúil a chur ar fáil faoi conas a chomhlíontar forálacha alt 29 den Acht um Míchumas 2005 ó thaobh láithreáin oidhreachta atá faoi úinéireacht, faoi bhainistiú nó faoi rialú comhlachtaí stáit agus a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu. I 2009, lean an NDA ag cur chun cinn forbairt an dréachtChóid agus d'oibrigh go dlúth le príomhgheallsealbhóirí, go háirithe leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus leis an an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. D'oibrigh NDA i gcomhar leis an Aonad Comhairle agus Oidhreachta Ailtireachta sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chomh maith ar leabhrán treorach do chomhlachtaí poiblí ar rochtain ar láithreáin

oidhreachta a fheabhsú ach meas fós ar a dtréithe speisialta agus a stádas caomhantais. Táthar ag súil go bhfoilseofar an leabhrán seo i 2010.

Tionscadal Ríomhfhoghlama

Tá an NDA ag obair ar mhodúl ríomhfhoghlama a fhorbairt chun réamhoiliúint ar chomhionannas míchumais a sholáthar d'fhoirne san earnáil phoiblí. Tá sé i gceist leis an modúl faisnéis agus tuiscint a chur ar fáil d'fhoirne san earnáil phoiblí chun seirbhísí ar ardchaighdeán a chinntiú do chustaiméirí faoi mhíchumas. Beidh an modúl ríomhfhoghlama ar fáil mar shaoráid ar líne le roghanna DVD agus cruachóip dóibh siúd nach mbeidh rochtain acu ar an tsaoráid ar líne.

Tá ionadaithe ó Ionad Forbartha agus Bainistíochta Eagraíochta na Roinne Airgeadais, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ó Bhord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil agus ón NDA i measc na foirne tionscadail don tionscnamh seo. Rinne an fhoireann sin maoirseacht ar fhorbairt na tairisceana, lena n-áirítear cuspóirí oiliúna mionsonraithe agus an tsonraíocht ríomhfhoghlama.

Duais "Rochtain den Scoth"

Rinneadh an Scéim Duaiseanna "Rochtain den Scoth" a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh i 2009. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla oibre, baineadh amach éifeachtachtaí lena bhain laghduithe suntasacha i gcostais oibríochta don scéim. Ghlac foireann intí freagracht as roinnt míreanna den scéim agus baineadh uaséifeachtacht amach ó thaobh próiseas gnó. Chuaigh an NDA i dteagmháil le thart ar 20 eagraíocht seirbhíse poiblí agus tá a gcuid ullmhúcháin do mheasúnuithe EtA le linn 2010 á dtreorú aige .

Seirbhísí Poiblí Inrochtana a Chur Chun Cinn

I 2008, rinne NDA a chéad suirbhé monatóireachta ar fheidhmiú Chód Cleachtais um Inrochtaine Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise arna soláthar ag Comhlachtaí Poiblí. Ullmhaíodh agus scaipeadh tuarascáil ar an bpróiseas monatóireachta sin i 2009 agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin an NDA (www.nda.ie). Cuireadh an tuarascáil ar aghaidh chuig na hAirí cuí i mí Eanáir agus scaipeadh í chuig ceann gach comhlachta poiblí i mí Márta. Lean NDA ar aghaidh ag soláthar tacaíochta do chomhlachtaí poiblí nuair a cuireadh an Cód Cleachtais i bhfeidhm i 2009. Cuireadh tuarascáil ar thorthaí an tSuirbhé Monatóireachta i láthair ag Comhdháil Oifigeach

Rochtana i mí an Aibreáin. Dhírigh an Chomhdháil sin ar shárchleachtas maidir le soláthar seirbhísí agus faisnéise inrochtana arna soláthar ag comhlachtaí poiblí agus áiríodh ar an gcomhdháil sin cur i láthair ó na húdaráis áitiúla i gContae Mhaigh Eo agus i gContae Mhuineacháin. Chuir NDA torthaí na tuarascála monatóireachta i láthair ag seimineár oiliúna d'oifigigh rochtana a thionóil an Foras Riaracháin (IPA).

Cáilíocht ard seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn

D'oibrigh an NDA i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí, lena n-áirítear an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le caighdeán do sheirbhísí cónaitheacha a fhorbairt do dhaoine faoi mhíchumas i 2009. Áiríodh ar an obair sin comhairle a chur ar fáil do HIQA maidir le huirlis fhéinmheasúnaithe a fhorbairt le haghaidh caighdeán seirbhísí cónaitheacha do dhaoine faoi mhíchumas a chomhlíonadh, i ndáil le caighdeán a bhaineann le gnéithe an chomhshaoil thógtha go háirithe. Bhí ionadaíocht ag an NDA ar ghrúpa oibre a bhunaigh an FSS chun creat dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt do sheirbhísí lae do dhaoine faoi mhíchumas.

D'oibrigh an NDA i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Thoircheas Géarchéime chomh maith chun athbhreithniú litríochta a choimisiúnú ar Thacaíochtaí Inrochtana agus Cuí a Sholáthar do chliaint faoi mhíchumas intleachtúil a bhfuil toircheas géarchéime acu. Críochnófar an t-athbhreithniú sin i 2010.

Athbhreithniú ar Chuid M

D'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil doiciméad comhchomhairle ar leasuithe molta ar Chuid M de na Rialacháin Foirgníochta i mí Iúil 2009 (a bhaineann le rochtain ar fhoirgnimh ó thaobh daoine faoi mhíchumas agus a n-úsáid). Mar chuid den phróiseas comhchomhairle poiblí sin, d'ullmhaigh an NDA páipéar comhairle mionsionraithe i 2009 ar na leasuithe atá molta. Bunaíodh fo-ghrúpa Chuid M de Chomhlacht Comhairle na Rialachán Foirgníochta ina dhiaidh sin agus tá an NDA air. (Is comhalta é NDA den phríomhchomhlacht comhairle chomh maith). Tá an fo-ghrúpa sin ag cur an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar an eolas maidir le hathbhreithniú breise ar na leasuithe molta ar Chuid M mar thoradh ar na haighneachtaí a fuarthas le linn thréimhse na comhchomhairle. Tá an obair seo ar siúl go

leanúnach agus táthar ag súil go mbeidh sí i gcríoch i mí Aibreáin 2010 nuair a chuirfear doiciméad athbhreithnithe faoi bhráid BRAB lena cheadú.

Éalú Sábháilte do Chách

I mí Meán Fómhair 2009, i gcomhpháirtíocht leis an Institiúid Sláinte agus Sábháilteachta Gairme (An Rannóg Bainistíochta Riosca Dóiteáin), d'eagraigh an NDA comhdháil aon lae i mBaile Átha Cliath ar éalú sábháilte do chách. Bhí an chomhdháil leagtha amach chun comhairle phraiticiúil a sholáthar ar phleanáil maidir le héalú sábháilte gach úsáideora foirgnimh, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas.

Mheall an chomhdháil breis is 200 duine, lena n-áirítear comhairleoirí sábháilteachta agus sláinte, oifigigh dóiteáin, soláthróirí seirbhísí míchumais, ailtirí agus innealtóirí. D'oscail John Moloney T. D. Aire Comhionannais, Míchumais agus Meabhairshláinte, an chomhdháil. Ba í Mary Dorgan, Príomhfheidhmeannach Cúnta an Údaráis um Sláinte agus Sábháilteachta a chuir an phríomhchaint i láthair agus leag amach na ceanglais reachtaíochta atá ann faoi láthair agus chuir béim ar thábhacht pleanáil mhaith. Cuireadh i láthair taithí ó Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath agus taithí phearsanta ó dhuine faoi mhíchumas; dearadh foirgneamh nua ar nós Ospidéal an Mater Misericordiae agus Staidiam nua Aviva (Bóthar Lansdúin); Lár Bhaile Dhún Droma – pleanáil aslonnaithe; comhshaol cúraim shláinte agus úsáid arduithe le linn aslonnaithe ar thopaicí a cuireadh i láthair.

Tá treoir NDA ar aslonnú agus ar rochtain do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil ar shuíomh gréasáin an NDA, chomh maith leis na cuir i láthair ag an gcomhdháil (www.nda.ie).

Tosaíocht

Straitéiseach 5

Cur leis an gcumas na tosaíochtaí straitéiseacha go léir a bhaint amach agus feabhas a chur ar an gcumarsáid

Le linn 2009, d'oibrigh an NDA chun na córais agus na hathruithe próisis a tionscnaíodh i 2008 a neadú, lena n-áirítear Seirbhísí Comhroinnte Teicneolaíochta Cumarsáide Faisnéise agus Airgeadais a tugadh isteach leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Cúrsaí Airgeadais

Thug an NDA aistriú phróiseáil idirbheartaíochtaí airgeadais i gcrích trí phróiseáil a phárolla a aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Tar éis aistriú íocaíochtaí creidiúnaithe i 2008, rinne an NDA athbhreithniú neamhspleách ar rialuithe airgeadais inmheánacha d'fhonn láidreacht próiseas agus rialuithe leanúnacha a chinntiú. Chomh maith leis sin, rinneadh plan inmheánach iniúchta a fhorbairt, a aontú agus a chur i bhfeidhm chun tacú le haistriú phróiseáil íocaíochtaí agus chun monatóireacht a dhéanamh. Mar thoradh ar an obair sin, rinneadh moltaí a rinne Coiste Iniúchta an NDA a bhreithniú agus rinne athbhreithniú agus monatóireacht orthu lena chinntiú go mbainfear amach rialachas dian agus rialuithe airgeadais dhiana leanúnacha agus go ndéantar cothabháil leanúnach.

Sláinte agus Sábháilteacht

I 2008, chláraigh an NDA leis an gClár “**Ag Obair go Dearfa**”, tionscnamh faoi urraíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, a bhfuil sé mar chuspóir leis modh a sholáthar i gcomhair eagraíochtaí chun strus san ionad oibre a thomhas agus a bhainistiú. Tar éis ceistiúchán, anailís agus

aiseolas foirne i 2008, reáchtáladh roinnt ceardlann fócais i 2009 a bhí bunaithe ar na réimsí a léiríodh le haghaidh iniúchta. Dhírigh na ceardlanna ar strus go ginearálta agus ar fhreagairt agus ar mhothúcháin aonair i ndáil le struis, chomh maith le réimsí d'fheabhsúchán in NDA a aithint.

Chun tacú le cothromaíocht idir obair agus saoil agus le folláine foirne san ionad oibre agus chun sin a chur chun cinn, lean NDA ag soláthar Chlár Cúnaimh Fostaithe (EAP) cuimsitheach agus ceann faoi rún d'fhoireann an NDA. Cuireadh leis an EAP, a sholáthraíonn seirbhísí comhairle, faisnéise agus comhchomhairle trí thionscnaimh chothromaíochta idir obair agus saoil breise mar cheardlann cothromaíochta idir obair agus saol agus polasaí bliain oibre níos giorra a thabhairt isteach.

Forbairt Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide (TFC)

Aistríodh TFC NDA go dtí an gréasán Citrix sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2008. Le linn 2009 bunaíodh grúpa comhordaithe Citrix laistigh den NDA agus d'aithin siad réimsí a raibh mionchoigeartú ag teastáil uathu agus mhol siad réitigh a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tacú le neadú rathúil an chórais. Sholáthair foireann IT na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí oiliúint chuimsitheach ó thaobh leabharlann bainistíochta doiciméad nua.

Seirbhís Leabharlainne

Tá níos mó ná 53,000 ní ag NDA a bhaineann le míchumas agus le hábhair ghaolmhara, a sholáthraíonn acmhainn chun tacaíocht a thabhairt d'fhaisnéis, do chomhairle agus do threoir bunaithe ar fhianaise. Cuimsíonn an cnuasach fairsing sin leabhair, irisí, nuachtlitreacha, ailt nuachtán, DVDanna, fístéipeanna agus CD-ROManna. Chomh maith le catalóg ar líne a bheith ar fáil soláthraíonn an leabharlann leabhair agus ailt as irisí do chomhaltá leabharlainne trí mheán an phoist chomh maith. Ina theannta sin, cuireann an leabharlann fios ar leabhair agus ar ailt atá i stórais leabharlann níos mó d'fhoireann an NDA. I 2009, mar gheall ar ghanntanas foirne agus moratorium na hearnála poiblí, laghdaíodh uaire oscailte go dtí dhá lá in aghaidh na seachtaine.

Le linn 2009, d'fhreagair lucht leabharlainne NDA 1,382 fiosrú. Ó lucht foirne a tháinig an líon fiosruithe is mó (430), le mic léinn tríú leibhéal agus iarchéime sa dara háit (258), eagraíochtaí míchumais (139), ansin daoine aonair (131) agus ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus Rialtas Áitiúil

(123). Thug an leabharlann 260 leabhar amach ar iasacht agus 296 alt as irisí agus nuachtáin.

Comhpháirtíocht

Lean Coiste Comhpháirtíochta NDA ar aghaidh mar idirghabhálaí ar ionchur agus tuairimí foirne ar athrú agus ar fhorbairt eagraíochtúil. Cuireadh oiliúint bhreise ar fáil do chomhaltaí chun comhpháirtíocht san NDA a neadú agus a chothú tuilleadh. Ar na réimsí a phléigh an coiste le linn 2009, áiríodh:

- conas a d'fhéadfadh píolóta ó thaobh ríomhobair oibriú
- tacaíochtaí d'fhoireann faoi mhíchumas, agus
- polasaithe agus nósanna imeachta

Chomh maith leis sin, bunaíodh fochoiste den Choiste Comhpháirtíochta chun tacú leis an gcomhpháirt inmheánach chun Straitéis Cumarsáide NDA a fhorbairt.

An Córas Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (PMDS)

Cuireadh oiliúint bhreise ó thaobh an Chóras Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (PMDS) ar fáil don fhoireann le linn 2009 chun cur i bhfeidhm comhleanúnach an phróisis ar fud na heagraíochta a chur chun cinn. Seachadadh oiliúint neartú foirne – cuid lárnach de lár-inniúlachtaí na heagraíochta i 2009 – chun cur le agus chun tacú le seachadadh rathúil an chórais.

Polasaithe agus Nósanna Imeachta

Rinneadh an lámhleabhar pearsanra a thabhairt cothrom le dáta chun athruithe agus forbairtí i ndea-chleachtas maidir le hacmhainní daoine, reachtaíocht agus ciorcláin na Roinne Airgeadais lena n-áirítear polasaí bliain oibre níos giorra a chorprú. Cuireann an polasaí le raon na bpolasaithe cothromaíochta idir obair agus saol atá faoi láthair sa NDA.

Aguisíní

Aguisín I: Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais

Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais (Eanáir 2009 – 28 Iúil 2009)

	Líon na gcruinnithe a freastalaíodh orthu sa tréimhse seo
An Dr. Angela Kerins (Cathaoirleach)	7/7
An tUasal Jack Callanan	3/7
An tUasal Kevin Condon (d'éirigh sé as in Eanáir 2009)	1/1
Maria Cronin Uasal	4/7
Renee Dempsey Uasal (ceapadh í i bhFeabhra 2009 agus d'éirigh sí as i Meitheamh 2009)	3/4
An tUasal John Dolan	4/7
Noreen Gildea Uasal	4/7
An tUasal David Joyce	7/7
An tUasal Gene Lambert	6/7
An tUasal Christy Lynch	7/7
Lottie Mc Clure Uasal (d'éirigh sí as i Meitheamh 2009)	1/6
An tUasal Seamus Mc Nulty	3/7
Betty O'Leary Uasal	6/7
An tUasal Donie O'Shea	7/7

Baill an Údaráis Náisiúnta Míchumais (Ceapaithe an 21 Nollaig 2009) – Líon na gcruinnithe a reáchtáladh idir 21-31 Nollaig 2009.

An tUasal Peter McKeivitt (Cathaoirleach)

An Dr Tony Bates

Caroline Burrell Uasal

An tUasal Frank Cunneen

Tara Cunningham Uasal

An tUasal Colm Desmond

Fiona Duignan Uasal

Linda Grealy Uasal

An tUasal Shane Hogan

An tUasal David Joyce

An tUasal Des Kenny

Mary Lavelle Uasal

Joanne McCarthy Uasal

Aguisín 2: Coistí an Údaráis in 2009

An Coiste Iniúcháireachta (Eanáir 2009 - 28 Iúil 2009)

An tUasal Derek Staveley (Cathaoirleach)

An tUasal Robert Cashell

An tUasal Kevin Condon (a d'éirigh as in Eanáir 2009)

Maria Cronin Uasal

Renee Dempsey Uasal (a ceapadh i mí Feabhra 2009 agus a d'éirigh as i mí Iúil 2009)

An tUasal Brian Duffy

An tUasal Christy Lynch

An Coiste Airgeadais (Eanáir 2009 - 28 Iúil 2009)

An Uasal Christy Lynch (Cathaoirleach)

An tUasal Jack Callanan

Maria Cronin Uasal

An tUasal John Dolan

Noreen Gildea Uasal

An tUasal Sean Mistéil

Fochoiste na Straitéise Náisiúnta Míchumais (Eanáir 2009 – 28 Iúil 2009)

An tUasal Donie O'Shea (Cathaoirleach)

Siobhan Barron Uasal (Stiúrthóir ÚNM)

An tUasal John Dolan

Noreen Gildea Uasal

An tUasal David Joyce

An tUasal Christy Lynch

Betty O'Leary Uasal

Coiste Comhairleach Reachtúil

Coiste Comhairleach Meabhairshláinte (Eanáir 2009 - 28 Iúil 2009)

An Uasal Frank Flannery (Cathaoirleach)

An tUasal Alan Chapman

Finola Colgan Uasal

An tUasal Mick Coughlan

An tUasal Niall Keane

Michelle Kerrigan Uasal

Mary Keys Uasal
An tUasal Tony Leahy
Winifred O'Hanrahan Uasal
An tUasal John Redican
Joan Regan Uasal
An tUasal John Saunders
An Dr Margaret Webb

Coiste Eiticiúil Taighde Míchumais (Eanáir 2009 - 28 Iúil 2009)

An tOllamh Jerome Bickenback (Cathaoirleach)
Selina Bonnie Uasal
An tUasal Ron Iphofen
An Dr Tim Jackson
Mairide Woods Uasal

Coistí Eile

Coiste Dhuais 'Rochtain den Scoth'

An tUasal James McClean (Cathaoirleach)
An tUasal Frank Daly
Alexis Donnelly Uasal
Chrissie Keane Uasal
An tUasal Micheal McDonnell
An tOllamh Barry McMullen
Fionnuala Rogerson Uasal
Angela Rolfe Uasal
An tUasal John Wickham

Aguisín 3: Ionadaíocht an NDA ar eagraíochtaí seachtracha le linn 2009

Ageing Well Network

An Cumann um Chur Chun Cinn na Teicneolaíochta Cúnta san Eoraip

- Bord

Bord Comhairleach na Rialachán Foirgníochta

- Grúpa Oibre Cuid M

Bus Éireann

- Grúpa Úsáideoirí faoi Mhíchumas

An Phríomh-Oifig Staidrimh

- Grúpa Comhairleach Daonáirimh

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg)

- Painéal Tomhaltóirí
- Fóram Tionsclaíochta ar Sheirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas

An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe

- An Coiste Comhairleach um Thacsaithe

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

- An Fóram Comhairleach ar Dhaoine faoi Mhíchumas a fhostú

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

- An Coiste Comhairleach Phlean Earnála an Achta um Míchumas
- An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Straitéis Tithíochta a Fhorbairt do Dhaoine faoi Mhíchumas
 - An Fo-ghrúpa Stiúrtha Taighde
 - An Fo-ghrúpa um Prótacal Meabhairshláinte

An Roinn Airgeadais

- Athbhreithniú ar Threoirlínte Láithreán Gréasáin Rialtas na hÉireann

An Roinn Sláinte agus Leanáí

- An Coiste Náisiúnta Comhairleach um Míchumas
- An Coiste Náisiúnta um Bunachar Sonraí Maidir le Míchumas Fisiciúil agus Céadfaíoch
- Grúpa Tagartha Polasaí - Luach ar Airgead agus Athbhreithniú Polasaí
- Vision for Change – Grúpa Monatóireachta Neamhspleách

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

- An tAcht um Míchumas 2005, Coiste Monatóireachta Cuid V
- An Grúpa Oibre Comhionannais
- Grúpa Stiúrtha Náisiúnta ar Fhoréigean in Aghaidh na mBan

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

- An Fóram Comhairleach Míchumais
- Grúpa Comhairleach Teicniúil, An Rannán Cuimsithe Sóisialta

Roinn an Taoisigh

- Grúpa Liaison um Straitéis Sonraí
- Grúpa Monatóireachta Lucht Leasmhara na Straitéise Náisiúnta Míchumais

An Roinn Iompair

- Fóram Iompair na bPaisinéirí Mara
- An Coiste Comhairleach ar Iompar Poiblí (PTAC)

Cónaidhm Mhíchumais na hÉireann (Dfl)

- Fo-ghrúpa Tithíochta

Coimisiún na hEorpa

- Grúpa Ardleibhéil ar Mhíchumas

Coiste na gCaighdeán Eorpacha (CEN)

- Comhaontú Ceardlainne CEN do ghairmithe i dTEICNEOLAÍOCHTAÍ CUMARSÁIDE FAISNÉISE i nDearadh Uilíoch
- Grúpa Oibre ar Antrapaiméadracht

An Gréasán Eorpach um Choincheap Inrochtaineachta**An Gréasán r-Rochtana Eorpach um Dhearadh do Chách**

- Lárionad Náisiúnta Teagmhála

FÁS

- An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Míchumas

An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA)

- Grúpa Comhairleach na gCaighdeán ar Ionaid Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)

- Grúpa Athbhreithnithe Seirbhísí Lae d'Aosaigh
- Grúpa Oibre um Measúnú Riachtanas
- Fóram um Thaighde Sláinte Leanaí
- Grúpa Oibre na nIonad Cónaithe
- Grúpa Maoirseachta ar Fheidhmiú na Reachtaíochta Míchumais
- Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc don **Your Mental Health Campaign**

Eagraíocht na gCaighdeán Idirnáisiúnta (ISO)

- Grúpa Oibre um Inrochtaineacht agus Chomhshaol Tógtha
- Grúpa Comhairleach um Dhearadh Uilíoch
- Eirgeanamaíocht do Dhaoine le Riachtanais Speisialta

Dámhachtainí r-Rialtas na hÉireann

- Painéal Measúnóirí

Cumann Idirlín na hÉireann

- Grúpa Oibre um Thaithí Úsáideoirí

Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMSB)

- Grúpa Stiúrtha Náisiúnta an Achta Míchumais
 - Fo-ghrúpa Náisiúnta Oiliúna agus Cumarsáide an Achta Míchumais
 - Fo-ghrúpa Náisiúnta Inrochtaineachta an Achta Míchumais

An Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

- Bord
- Grúpa Comhairleach ar Thaighde in Oideachas Speisialta

An tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI)

- Coiste Comhairleach Caighdeán d'Inrochtaineacht do Chách

An Oifig um Chuimsiú Sóisialta

- Grúpa Comhairleach Teicniúil ar Staitisticí

An Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid

- An Chomhairle um Shábháilteacht Iarnróid

Athshlánú Idirnáisiúnta (RI)/Athshlánú Idirnáisiúnta na hEorpa

Na Náisiúin Aontaithe

- G3ICT

Aguisín 4: Foilseacháin, páipéir comhairle polasaí agus aighneachtaí NDA le linn 2009

Foilseacháin

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Tuarascáil 2008: Géilliúlacht le Cuid 5 den Acht um Míchumas

Tithíocht Braisle nó Scaipthe d'Aosaigh faoi Mhíchumas: Achoimre Córach

Treoir eiticiúil maidir le Taighde le Daoine faoi Mhíchumas

Ionadaíocht agus Léiriú Daoine Faoi Mhíchumas i gCraolacháin na hÉireann

Páipéir Comhairle Polasaí agus Aighneachtaí An Phríomh-Bhord agus an Bord Réigiúnach Iascaigh

Slatiascaireacht Inrochtana

An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha

Páipéar comhchomhairle ECAS (Seirbhís Freagartha Glaonna Éigeandála) Moltaí maidir le hAthbhreithniú an Phlean Earnála

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Straitéis Náisiúnta d'ardoideachas

Athbhreithniú maidir le Luach ar Airgead ar Chuntóirí Riachtanais Speisialta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Athbhreithniú ar Phlean Earnála na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Freagairt do Mholtaí FÁS ar Fhostaíocht Tacaithe Páipéar Comhairle ar fhostaíocht scéithe

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Athbhreithniú ar Phlean Earnála na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Athbhreithniú ar Chuid M na Rialacháin Foirgníochta

Treoirlínte ar Ionaid Vótála Inrochtana agus Vótáil Inrochtana

Téacs Múnla maidir le Míchumas d'Údaráis Áitiúla i dtaobh

Dhréachtphleananna Corparáideacha

Roinn Sláinte agus Leanaí

Athbhreithniú ar Phlean Earnála na Roinne Sláinte agus Leanaí

Straitéis Aosaithe Dhearfaigh

Fostaíocht Scéithe

Sainghrúpa ar Leithdháileadh Acmhainní sa tSeirbhís Sláinte

Straitéis Athshlánaithe Náisiúnta

Athbhreithniú maidir le Luach ar Airgead ar Sheirbhísí Míchumais

Tosaíochtaí Feidhmithe **Vision for Change**

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Scéim den Bhille um Chumas Meabhrach

Cumas Meabhrach agus Caidrimh Gnéis

Treoirlínte maidir le Profú Míchumais

Tuairimí ar Dréachtstraitéis Náisiúnta COSC ar Fhoréigean Baile, Gnéis agus Inscnebhunaithe

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Athbhreithniú ar Phlean Earnála na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Roinn an Taoisigh

Grúpa Monatóireachta Pháirtithe Leasmhara na Straitéise Náisiúnta

Míchumais – Dul chun cinn maidir leis an Straitéis Náisiúnta Míchumais (dhá pháipéar chomhairle)

Athchóiriú na Seirbhísí Poiblí

An Garda Síochána

Straitéis na nGardaí le haghaidh Daoine Scothaosta

An tÚdarás um Ard-Oideachas

Tuarascáil Tíre Thionscadal OECD ar Chosáin le haghaidh Mic Léinn faoi Mhíchumas chuig Oideachas Tríú Leibhéal agus Fostaíocht – Éire

HIQA

Plean Gnó

An Bord Taighde Sláinte (HRB)

Straitéis Taighde

An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta

Athbhreithniú ar fheidhmiú Scéim Pacáistí Cúraim Bhaile

An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Plean Gnó